CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 109/25**

**Lucsamburg, 4 Meán Fómhair 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-305/22 | C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)

# Ní fhéadfaidh údarás breithiúnach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú agus forghníomhú na pianbhreithe sin a ghabháil air féin gan toiliú an Stáit a d'eisigh an barántas sin

*In éagmais an toilithe sin, féadfaidh an Ballstát eisiúna an barántas gabhála Eorpach a choimeád ar bun agus an phianbhreith sin a fhorghníomhú laistigh dá chríoch féin*

Is ionann an barántas gabhála Eorpach agus nós imeachta breithiúnach simplithe, dá bhforáiltear le dlí an Aontais [1], chun duine a ghabháil sa Bhallstát ina bhfuil sé agus a thabhairt suas don Bhallstát a d'eisigh an barántas sin, ionas go ndéanfar é a ionchúiseamh nó go gcuirfidh sé isteach an phianbhreith a forchuireadh air ann. Sa réimse sin, tá prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh mar bhonn don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus cumhdaítear riail thábhachtach leo: tá sé de cheangal ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Ní fhéadfar diúltú d'fhorghníomhú barántais den sórt sin ach ar bhonn eisceachtúil. Sa bhreithiúnas, míníonn an Chúirt Bhreithiúnas cén fáth nach bhfuil neamh-fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, d'fhonn an phianbhreith sin a fhorghníomhú sa Stát ina bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann, bailí ach i gcás ina gcomhlíonann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach na coinníollacha agus an nós imeachta a bhaineann le haitheantas an bhreithiúnais lena bhforchuirtear an phianbhreith agus forghníomhú na pianbhreithe sin, dá bhforáiltear le píosa eile reachtaíochta den Aontas.

In 2017, d'fhorchuir Cúirt Achomhairc Bhúcairist pianbhreith phríosúnachta ar shaoránach na Rómáine, a tháinig chun bheith críochnaitheach an 10 Samhain 2020. An 25 Samhain 2020, d'eisigh an chúirt sin barántas gabhála Eorpach i gcoinne an duine sin chun críoch an phianbhreith sin a fhorghníomhú. An 29 Nollaig 2020, gabhadh an duine sin san Iodáil. Dhiúltaigh údaráis bhreithiúnacha na hIodáile an duine lena mbaineann a thabhairt suas d'údaráis na Rómáine. Mar sin féin, chinn na húdaráis sin an breithiúnas ó Chúirt Achomhairc Bhúcairist lenar forchuireadh an phianbhreith a aithint agus an phianbhreith a fhorghníomhú san Iodáil. Measann siad go méadódh sé sin deiseanna ath-imeasctha shóisialta an duine lena mbaineann, a raibh cónaí air go dleathach agus go héifeachtach san Iodáil. Ina theannta sin, baineann údaráis bhreithiúnacha na hIodáile d'fhad na pianbhreithe na tréimhsí braighdeanais baile le fionraíocht a bhí curtha isteach ag an duine faoi phianbhreith san Iodáil cheana. Óna dtaobhsa de, cuireann údaráis bhreithiúnacha na Rómáine i gcoinne aitheantas an bhreithiúnais lena bhforchuirtear an phianbhreith agus a fhorghníomhú san Iodáil. Maíonn siad go bhfuil an barántas gabhála Eorpach arna eisiúint i gcoinne an náisiúnaigh de chuid na Rómáine fós i bhfeidhm. Dá bhrí sin, de réir údaráis na Rómáine, ní mór an duine a thabhairt suas agus a phianbhreith a fhorghníomhú sa Rómáin, seachas san Iodáil.

Chinn Cúirt Achomhairc Bhúcairist ceisteanna faoin díospóid a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais, go sonrach, an nglactar leis, chun diúltú do thabhairt suas an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun

pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú gur thoiligh an Stát eisiúna d'fhorghníomhú na pianbhreithe i mBallstát eile. Tá an chúirt sin in amhras freisin, i gcás nár thoiligh an Stát eisiúna don fhorghníomhú sin i gcomhréir le rialacha sonracha dhlí an Aontais sa réimse sin [2], an gcoimeádann sé an ceart chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú agus an barántas gabhála Eorpach a choimeád ar bun mar sin.

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt, ar dtús, go bhfuil an barántas gabhála Eorpach bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus gurb ionann an diúltú d'fhorghníomhú agus eisceacht, nach mór a léiriú go docht i gcónaí.

Dá bhrí sin, ní mór d'údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit a dhiúltaíonn an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ionas go ndéanfar an phianbhreith a fhorghníomhú ar chríoch an Bhallstáit chéanna sin toiliú údaráis an Bhallstáit eisiúna a fháil maidir le forghníomhú na pianbhreithe arna fógairt sa Stát deireanach sin. Ciallaíonn an toiliú sin go dtarchuirfear chuig an mBallstát forghníomhaitheach an breithiúnas lena bhforchuirtear an phianbhreith arna thabhairt ag an mBallstát eisiúna, agus deimhniú ag gabháil leis. Gan an toiliú sin, ní chomhlíontar na coinníollacha chun an forghníomhú sin a dhéanamh agus ní mór an duine lena mbaineann a thabhairt suas. Ní cuspóir absalóideach é an cuspóir maidir le deiseanna ath-imeasctha shóisialta, a raibh údaráis na hIodáile ag brath air, agus ní mór é a réiteach leis an riail bhunúsach go bhforghníomhóidh na Ballstáit gach barántas gabhála Eorpach.

I bhfianaise fheidhmeanna éagsúla na pianbhreithe sa tsochaí, féadfaidh údaráis an Bhallstáit inar forchuireadh pianbhreith choimeádta ar dhuine brath ar argóintí a bhaineann lena bheartas coiriúil féin chun cúis a thabhairt go ndéanfar an phianbhreith a fhorghníomhú ar a chríoch agus diúltú, dá réir sin, an breithiúnas lena bhforchuirtear an phianbhreith sin agus an deimhniú a tharchur d'fhonn an phianbhreith a fhorghníomhú i mBallstát eile. In aon chás, más rud é gur diúltaíodh barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú de shárú ar na coinníollacha bunúsacha agus ar an nós imeachta dá bhforáiltear le dlí an Aontais, beidh an barántas gabhála Eorpach sin fós i bhfeidhm agus coimeádfaidh an Stát eisiúna an ceart chun an phianbhreith a fhorghníomhú laistigh dá chríoch.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit.

[2] Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorghníomhú san Aontas Eorpach.